

An Scéim:
An Gúm 1926-2016

Cnuasach Aistí

Máirtín Coilféir
a chuir in eagar

 AN GÚM
Baile Átha Cliath

© Foras na Gaeilge agus na húdair, 2020

Dearadh agus leagan amach: Máirtín Coilféir
Clúdach: Muiris Ó Raghallaigh

Spectrum a chlóbhuail in Éirinn

ISBN 978-1-85791-965-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Gabhaimid buíochas le Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise, Eaglais na hÉireann agus le David Lawrence as cead a thabhairt an íomhá den fhuinneog dhaite le Austin Molloy ar leathanach 99 a úsáid.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí

An Siopa Leabhar (01) 478 3814

An Siopa Gaeilge (074) 973 0500

An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne

www.litriocht.com

www.siopagaeilge.ie

www.siopaleabhar.com

www.siopa.ie

www.cic.ie

www.iesltd.ie

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

Cuir Síoda ar Leabhar...

Muiris Ó Raghallaigh

Tháinig an Gúm ar an bhfód le linn tréimhse ina raibh athruithe móra ag titim amach i saol na foilsitheoireachta ar fud an domhain. Ní hé gur rud nua amach is amach a bhí sa chlúdach maisithe nó sa chlúdach maisithe deannaigh sa bhliain 1926, ach is ag an am sin a thosaigh sé ag teacht i dtreis mar ghnáthchuid den leabhar. Faoi lár na 1920idí bhí foilsitheoirí ar fud an domhain ag teacht ar an tuiscint go raibh feidhm an-phraiticiúil le clúdach maisithe thar mar a ceapadh leis na clúdaigh deannaigh a chuirí ar leabhair go dtí sin – b'iontach an uirlis bholscaireachta é an clúdach maisithe, fógra a bhí ann don leabhar féin. Ach fós féin, fiú i measc na bhfoilsitheoirí, is beag meas a bhí ar an obair ealaíne a bhí ar na clúdaigh sin, ná go deimhin, ar na healaíontóirí a dhearadh iad. San alt seo tugtar spleáchadh ar obair na n-ealaíontóirí a dhear clúdaigh don Ghúm ó 1926 go dtí 1940 nó mar sin, mar aon le hachóimre ar an bpróiseas a bhain lena gceapadh ar phainéal ealaíontóirí. Cé go ndearna tuairim is deichniúr ealaíontóirí obair don Ghúm le linn na tréimhse atá faoi chaibidil, bhí seisear ar leith a bhí an-bhisiúil ar fad agus is díol suntais é a laghad eolais atá ann mar gheall ar chuid acu. Cé nach aiste chritice ar ealaín na gclúdach atá i gceist anseo, díritear ar ghnéithe suaithinseacha den ealaín ó am go chéile. Tá béim ar leith san alt seo ar an obair a rinne duine amháin de na healaíontóirí, Austin Molloy ós é ba bhisiúla ar fad díobh.

An clúdach deannaigh is luaithe a bhfuil eolas faoi ná clúdach a bhí ar leabhar bronntanais dar teideal *Friendship's Offering* a foilsíodh in 1830 (Salisbury 2017: 11). Cé go bhfuil eitseáil ornáideach ar an sampla luath sin ó 1830, clúdach lom páipéir ba ghnách ar leabhair ón tréimhse sin i ndáiríre. Gléas an-phraiticiúil a bhí sa chlúdach deannaigh ar dtús; ní raibh d'fheidhm leis ach an ceangal leochaileach síoda a chosaint agus an leabhar ar a bhealach ón gceanglóir go dtí an siopa. Pacáiste déanta de pháipéar donn nó crón a bhíodh ann agus ba ghnách go gcaithfí amach é nuair a thabharfaí an leabhar abhaile. Nuair a tosaíodh ar theideal an leabhair agus ainm an údair a stampáil ar an gclúdach crua, ghearrtaí fuinneogín sa chlúdach deannaigh chun go mbeadh sé ní b'fhusa teideal an leabhair agus ainm an údair a léamh. Cé nach raibh sa chlúdach deannaigh luath sin ach pacáiste nárbh fhiú a choimeád, níor thóg sé i bhfad ar fhoilsitheoirí a thuiscint go bhféadfaí leas breise a bhaint as, is é sin, bolscaireacht a dhéanamh ar leabhair eile nó cur síos a dhéanamh ar an leabhar áirithe sin go fiú. Bhí an blurba tagtha ar an saol!

Ar ball a tháinig an clúdach deannaigh a d'aithneois inniu, ceann ar a mbíonn flapaí a fhilleann timpeall ar chláir an chlúdaigh chrua. Ní go dtí an dara leath den naoú céad déag a tosaíodh ar mhaisiú ar bith a chur ar an gclúdach deannaigh, ach níor éirigh sé sin coitianta mar nós go dtí thart ar thús an fichiú haois. Ar dtús ní bhíodh ann ach macalla d'iomhá nó d'ornáid éigin a bheadh stampáilte ar an gclúdach tosaigh agus dath amháin nó dhá dhath air, b'fhéidir.

Faoin am ar bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach ba nós réasúnta coitianta é clúdach maisithe deannaigh a bheith ar leabhar, ach mar a deir Alan Powers: 'This first wave of jackets was so relatively fragile that the 1914-1918 war was enough to set back their further development until the early 1920s' (2001: 7). Bhí costas ag baint le clúdach a dhearadh agus a chur i gcló agus bhaintí úsáid as ceimiceáin chostasacha chun an dúch féin a dhéanamh. Ach fiú nuair a tháinig borradh faoi chúrsaí arís i lár na 1920idí bhreathnaítí ar an gclúdach deannaigh fós mar rud sealadach, rud a bheadh le caitheamh amach agus is beag meas a bhí ag na foilsitheoirí ar an obair calaíne.

Ní go dtí deireadh na 1940idí agus tús na 1950idí a thosaigh foilsitheoirí ag tabhairt aitheantais mar ba cheart don obair ealaíne ar na clúdaigh agus do na healaíontóirí a dhear iad. Sa bhliain 1949, réachtáil an Victoria & Albert Museum i Londain taispeántas idirnáisiúnta ar ar tugadh *The Art of the Book Jacket*. Taispeántas de scoth na healaíne clúdaigh a bhí ann inar cuireadh 460 clúdach deannaigh as tuairim is fiche tír éagsúil ar taispeáint. Bhí rath thar na bearta ar an taispeántas agus is cosúil go raibh an taoide ag casadh, más go mall féin (Salisbury 2017: 6).

De réir dealraimh, ní hamhlaidh a bhí an scéal i Meiriceá, áit a raibh dearcadh i bhfad ní ba choimeadaí i leith an chlúdaigh dheannaigh. Ag deireadh na 1940idí dhiúltaigh The American Institute of Graphic Arts clúdaigh leabhar a chur ar taispeáint ag an ócáid mhór bhliantúil acu, *The Fifty Books Show*. Agus é a scríobh sa chatalóg don taispeántas *Books for Our Times*, dúirt an t-eagarthóir, Marshall Lee, an méid seo:

It could be argued that the jacket is part of the book, but the [selection] Committee feels that this is a temporary and fallacious point of view. One need only to consider the absurdity of having one expensive cover designed that will permanently conceal another! Either the jacket is a temporary protection and sales device, meant to be torn from the book the moment it is sold, or it is an indispensable cover. If the latter were true, the logical procedure would be to dispense with costly, unseen binding design. The jacket then becomes the binding, and the function of both binding and jacket will be the same (Heller agus Chwast 1995: 9).

Ó thaobh leagan amach agus dearadh de, bhí cuid mhaith i bpáirt ag na chéad leabhair sin a d'fhoilsigh an Gúm in 1927 agus 1928 leis na leabhair léitheoireachta a foilsíodh i nGaeilge ó thus an chéid, na leabhair a d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge mar shampla. *Crown octavio* an leagan amach a bhí orthu agus iad faoi chlúdach bog páipéir.

Ach níorbh fhada gur thosaigh na clúdaigh ag dul i ngile, ainneoin gur faoi chlúdach bog a bhí an-chuid de na leabhair go fóill go dtí 1930 nó mar sin. Má bhí súil ag an nGúm ar a raibh ag titim amach i saol na foilsitheoireachta i Sasana, san Eoraip agus i Meiriceá, ba léir dóibh go raibh ré an chlúdaigh mhaisithe dheannaigh tagtha. Fiú murar cuireadh luach ar bith ar an ealaín a bhain leis na clúdaigh go fóill, is maith a thuig

muintir an Ghúim go raibh feidhm an-phraiticiúil eile leis seachas an clúdach cru a chosaint. Ba bhealach iontach é chun breith ar aird an phobail – ‘mura bhfuil agat ach pocán gabhair, bí i lár an aonaigh leis!’

B’ealaíontóir agus dearthóir í Helen Dryden a rinne a cáil as clúdaigh a dhearadh do *Vogue* agus d’irisí eile dá leithéid. Bhí sí i mbarr a réime sna 1920idí agus seo mar a chuir sise síos ar na clúdaigh dhaite a bhí anois le feiceáil i ngach siopa leabhar in 1931:

A bookseller’s window is now one of the gayest sights, next to a florist’s these sad times afford ... now every book is fast becoming a poster for itself ... No doubt this is one of the reasons why half the windows in town seemed to be filled with books these days (Heller agus Chwast 1995: 13).

Eiseamláir den nua-aoiseachas ba ea an clúdach maisithe deannaigh, rud a bhí ag teacht salach ar an meon coimeádach a bhain le saol na foilsitheoireachta ar fud an domhain. Mar a deir Brian Ó Conchubhair, státseirbhísigh ba ea iad na daoine a bhí ag obair sa Ghúm, dream nach iondúil an nua-aoiseachas ná an réabhlóideachas a lua leo: ‘they worked in a harsh intellectual and economic climate, characterised by Patrick Lynch as one “unlikely to promote a spirit of innovation,”’ a deir sé (2011: 101). B’fhéidir go bhfuil cuid den cheart ag Ó Conchubhair, ach ná déanaimis dearmad nach teach foilsitheoireachta neamhspleách a bhí sa Ghúm – bhí na státseirbhísigh sa Ghúm freagrach don Roinn Oideachais agus an Roinn Oideachais freagrach don Roinn Airgid. Ní raibh an tsaoirse ag an nGúm i gcónaí chun a bheith róréabhlóideach. Bhí máisitir eile ag an nGúm chomh maith, dar ndóigh, an cáiniócoir, agus ba mhinic an máistir sin a bheith ar an té ba choimeádaí orthu ar fad.

Is fiú dhá shampla den chineál coimeádachais lena mbíodh an Gúm ag streachailt a lua. Is minic a luaitear cás *Fánaí* le Seán a’ Chóta agus an raic a tógadh maidir leis an leabhar sin go luath sa bhliain 1928. Mar a dúirt an tAthair Ó Murchú, Scrúdaitheoir na Deoise, bhí sleachta sa leabhar a bheadh ‘sinful to put into the hands of young people’. Ar deireadh, b’éigean sleachta áirithe a bhaint amach as an leabhar ar fad agus athscríobh a dhéanamh ar shleachta eile (Ó Dúshláine 1989). Sampla maith eile ná *Béal na hUaighe* le León Ó Broin. B’éigean an clúdach a bhí ar an leabhar sin

nuair a foilsíodh é go luath in 1928 a bhaint agus clúdach iomlán nua a chur air, clúdach pléineáilte nach raibh ach teideal an leabhair agus ainm an údair air. An chúis a bhí leis sin ná gur thug Reachtair Choláiste Choill Chluana Gabhann, an tAthair C. Mulcahy, le fios nach gcuirfí an leabhar ar liostaí léitheoireachta scoile mura n-athrófaí an clúdach. ‘I imagine others beside myself will shrink from the present cover,’ a dúirt sé faoin bpictiúr. Ní raibh d’urchóid ag baint leis an bpictiúr ach bean óg, banaltra chéice b’fhéidir, feisteas tuaithe an 19ú céad uirthi ag a bráid nocht aici. Tá leanbh nocht ar a glúin aici agus is léir go bhfuil sí díreach tar éis é a chothú, é sin nó a chlúidín a athrú (Comhad N0003).

Ach bheadh sé éagothrom a rá nach raibh splanc ná miotal i muintir an Ghúim. Mar a fheicimid ar ball, is léir go raibh an-tuiscint ag cuid de mhuintir an Ghúim agus na Roinne Oideachais don tábhacht a bhain leis na clúdaigh mhaisithe dheannaigh. Ní raibh an Roinn Airgid den tuairim chéanna, áfach, agus b’éigean don Ghúim agus do Phroinnisias Ó Dubhthaigh, Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, an fód a sheasamh go láidir ar son clúdaigh mhaisithe a bheith ar na leabhair. Murach eisean agus chomh diongbháilte is a bhí sé ní dócha go mbeadh an oidhreacht shuibhir de chlúdaigh atá againn anois ann in aon chor.

Scéal fada é conas mar a tharla go raibh na healaíontóirí éagsúla ag obair don Ghúm, ach chun críche an ailt seo is leor an achoimre seo thíos a thabhairt. De réir dealraimh, chuaigh León Ó Broin i dteagmháil leis an ealaíontóir Austin Molloy sa bhliain 1926 nuair a bhí clúdach le dearadh le haghaidh *Cormac Mac Airt*, an chéad leabhar a d’fhoilsigh an Gúm. Is cosúil go raibh Molloy róghafa ag an am chun tabhairt faoin obair agus mhol George Atkinson, Príomhoide Scoil Ealaíne Chathair Bhaile Átha Cliath, an obair a thairiscint do Sheán O’Sullivan (Comhad G0003). Dhear O’Sullivan deich gclúdach don Ghúm, ghearr sé cúig ghiní an ceann ar na cinn dubh agus bán agus sé ghiní an ceann ar na cinn dhaite. D’imigh O’Sullivan go Páras ina dhiaidh sin agus tharla faoin am sin go raibh Molloy ar fáil ansin chun tabhairt faoin obair.

Bhí roinnt castachtaí sa scéal, áfach. Ghearr Molloy 5 ghiní an ceann ar an gcéad dá chlúdach a dhear sé ach bhí an Gúm buartha faoin gcostas a bhainfeadh leis an obair, go háirithe agus líon na leabhar a bhí réidh le

foilsíú ag dul i méid ar feadh an ama. Bhí siar is aniar mar gheall ar an táille agus ar deireadh aontaíodh ar tháille de thrí ghiní an clúdach (Comhad G0003). Ba státseirbhíseach é Austin Molloy; bhí sé ag obair i gCoimisún na Talún agus chomh maith leis sin bhí sé ag múineadh i Scoil Ealaíne Chathair Bhaile Átha Cliath. Chruthaigh sé sin deacrachtaí don Ghúm nó bhí rialacha dochta i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí breise a dhéanamh as an státchiste le státseirbhísigh. Ina theannta sin, thuig an Gúm ó 1927 go raibh an Roinn Airgid go mór in amhras faoi fhiúntas na gclúdach maisithe agus faoin gcostas breise a bhain leo. I ndáiríre, lean cogadh fuar idir an Roinn Airgid agus an Gúm mar gheall ar an gceist idir 1928 agus 1931. Tháinig brú nach beag ón Roinn Airgid i litreacha éagsúla ó 1928 ar aghaidh chun na clúdaigh mhaisithe a chaitheamh i leataobh (Comhad G0003). Ach sheas an Gúm, agus go háirithe Proinsias Ó Dubhthaigh, an fód go láidir ar son na gclúdach maisithe. D'áitigh Ó Dubhthaigh gurbh é cás na leabhar nach mbeadh clúdach maisithe deannaigh orthu go mbeidís ag streachailt in aghaidh 'the overwhelming horde of English publications'. Bhí madra maith dráimh aige agus é ag tabhairt freagra ar an Roinn Airgid nuair a bhí sé ábalta tagairt d'fheachtas a bhí ag Oifig an tSoláthair inar baineadh úsáid as clúdaigh mhaisithe an Ghúim chun taispeántas deas fuinneoige a dhéanamh (Comhad G0092).

Ar deireadh, d'éirigh leis an Dubhthach dul i gcion ar an Roinn Airgid agus cead a fháil comórtas a reáchtáil chun breis ealaíontóirí a earcú ar mhaithe le clúdaigh a dhearadh do na leabhair a d'fhoilseofaí faoin scéim aistriúcháin. Ba é George Atkinson a rinne na hiarratais a mheas; bhí seisear ar bharr an liosta aige ach cuireadh duine amháin díobh sin as an áireamh nuair a bhí an painéal á cheapadh ar deireadh (féach Aguisín 1). Bhain Seán Mac Lellan, an tOifigeach Foillsiúcháin sa Ghúm, Cecil Salkeld den liosta mar bhraith sé go mb'fhéidir nach n-oirfeadh an stíl ealaíne a chleacht Salkeld don obair; is é a dúirt Atkinson faoi ná go raibh an stíl a bhí aige 'highly stylistic after the manner of the German primitives'. Thuig Seán Mac Lellan go maith nach bhféadfaí dul sa seans leis na clúdaigh dá dteastódh uathu an pobal a mhealladh, deir sé, 'I think it would be wiser, for a while at any rate, to avoid experiments in the more modern modes' (Comhad G0092). Mar sin cuireadh painéal de chúigear ealaíontóirí le chéile ar deireadh; Austin Molloy, Victor Penney, Olive Cunningham, M.A. Keane agus George Altendorf.

Nuair a thug an Roinn Airgid cead don Ghúm an comórtas a rith chun breis ealaíontóirí a earcú, rinneadh é sin ar an tuiscint gur ar na bunsaothair amháin a bheadh Molloy ag obair de bharr go raibh Gaeilge aige. Ba iad na healaíontóirí eile a bhí le bheith ag plé leis na haistriúcháin. Mheabhraigh an Roinn Airgid an méid sin don Ghúm nuair a chonaiceadar ainm Molloy ar an bpainéal ginearálta (Comhad G0092). Ach múineann gá seift, agus d'iarr Ó Dubhthaigh cead ar leith Molloy a úsáid sa chás 'in which it should occur that none of the other four artists named could give us the type of drawing required for such a case' (Comhad G0092). Bhí an Roinn Airgid sásta géilleadh don choinníoll teoranta sin, ach is deacair gan breathnú ar an iarratas ach mar sheift chliste chun Molloy a chur ag obair ar pé tionscadal ba mhian leis an nGúm é a chur. Tar éis an tsaoil, cé eile a dhéanfadh cinneadh maidir le cé acu ealaíontóir a bheadh oiriúnach do thionscadal ar leith? Dhear Molloy clúdaigh le haghaidh tuairim is 50 aistriúchán san iomlán, 34 díobh sin a foilsíodh ó 1932 ar aghaidh – níos mó ná aon duine eile de na healaíontóirí a cuireadh ar an bpainéal a ceapadh go sonrach ar mhaithe le clúdaigh a dhearadh do na haistriúcháin.

Ceann de na coinníollacha eile a leag an Roinn Airgid ar an nGúm nuair a tugadh cead chun an painéal ealaíontóirí a chur le chéile chun clúdaigh a dhearadh do na haistriúcháin ná go gcuirfí clúdach caighdeánach á dhearadh do leabhair a foilsíodh cheana agus a mbeadh athchló le cur orthu, nó do leabhair nua a mbeadh ainm an údair in airde cheana féin (Comhad G0092). Cé gur cuireadh clúdach caighdeánach ar roinnt leabhar, ní de réir choinníoll na Roinne Airgid a rinneadh é sin. A mhalairt a tharla i ndáiríre, nó tá an chuma ar an scéal gur baineadh úsáid as an gcoinníoll sin chun clúdach caighdeánach nua a dhearadh do leabhair a foilsíodh cheana agus gan aon chlúdach deannaigh orthu ar an gcéad dul síos.

Ar an 28 Bealtaine 1931, agus cead na Roinne díreach faighte ag an nGúm chun an painéal a chur le chéile, scríobh Seán Mac Lellan chuig Proinsias Ó Dubhthaigh agus sceitse garbh aige ó Austin Molloy a d'oirfeadh, dar leis, mar chlúdach do liosta leabhar a bhí foilsithe cheana féin (Comhad G0016). Moladh go bhféadfaí an léaráid chéanna a úsáid ar roinnt leabhar agus cúlra ar dhath éagsúil a bheith ar gach leabhar acu. Glacadh leis an moladh agus ar deireadh baineadh úsáid as an léaráid chéanna ar 10

leabhar ar leith (tá samplaí mar aon le bunsceitse Molloy le feiceáil ar lch 100-1).

Ach níorbh aon rud nua é ag an nGúm in 1931 clúdach caighdeánach a chur ar leabhair, nó bhí clúdach caighdeánach (le Austin Molloy arís) curtha ar chuid de na cnuasaigh drámaí a foilsíodh chomh fada siar le 1929, *An Danar* agus *An Ball Dubh* mar shampla (tá samplaí le feiceáil ar lch 103).

Moladh eile a rinne an Roinn Airgid nuair a bhí ceist na gclúdach idir chamáin ná blurba nó *puff* a bheith ar na clúdaigh mar gheall ar leabhair eile de chuid an Ghúim. Ach bhí a leithéid déanta ag an nGúm cheana sular tosaíodh ag ceistiú fhiúntas na gclúdach ag leibhéal oifigiúil go fiú. Mar shampla bhí nótaí curtha ar *Allagar na hInise* (1929), *Sgéalta na nOileán* (1929), *Buaidh na Treise* (1929) agus ar *Seo Mar' Bhí* (1930). Is é *Seo Mar' Bhí* an sampla is déanaí ar a bhfuil nótaí dá leithéid ar an gclúdach; tá an chuma ar an scéal nach ndearnadh arís é ina dhiaidh sin, ach ní léir cad ina thaobh nach ndearnadh.

Deir Brian Ó Conchubhair nár éirigh leis an nGúm branda aitheanta fiseach dá chuid féin a fhorbairt sna blianta luatha sin. Admhaíonn sé nach dócha go raibh mórán foilsitheoirí eile ann ag an am a raibh branda láidir fiseach acu, seachas Penguin sa bhliain 1935, a bhí ina gceannródaíthe chomh fada agus a bhain sé le cúrsaí stíle agus brandála de (2011: 99). B'fhéidir go bhfuil an ceart ag Ó Conchubhair agus nach raibh branda inaitheanta forbartha ag an nGúm. Ach bhí an Gúm tar éis seasamh cróga a ghlacadh maidir leis an ealaín chlúdaigh, rud a bhí ceannródaíoch ann féin. Maidir le Austin Molloy féin, is léir gur aithin an Gúm go raibh tallan thar na bearta aimsithe acu agus gurbh fhiú a oiread oibre agus ab fhéidir a chur ina threo, fiú nuair a tharraing sé sin trioblóid agus aird na Roinne Airgid ar an obair agus ar an gcaiteachas.

Os a choinne sin, agus in ainneoin na trioblóide ar fad a bhain le cead a fháil chun an painéal ealaíontóirí a chur le chéile, agus a cháiréisí is a bhí an Gúm maidir le roghnú na n-ealaíontóirí ar an bpainéal, i gcás na n-aistriúchán, is léir nach ndéantaí mórán machnaimh maidir le cé acu ealaíontóir den chúigear is fearr a n-oirfeadh a stíl do leabhar ar leith.

In ainneoin a raibh le rá ag Proinnsias Ó Dubhthaigh mar gheall ar an ealaíontóir ceart a roghnú do shaothar ar leith, is minic nóta lámhscríofa ar na comhaid chun iarraidh ar an gcéad ealaíontóir eile ar an liosta clúdach a dhearadh. Is annamh riamh a thugtaí mórán de threoir do na healaíontóirí agus iad ag dul i mbun oibre ar shaothar ar leith ach oiread. Bhíodh cead a gcinn ag na healaíontóirí radharc as an leabhar a roghnú agus an dearadh a bhunú air sin, nó dearadh a dhéanamh a thabharfadh léargas ar ábhar agus éirim an leabhair i gcoitinne. I gcás na n-aistriúchán agus na mbunsaothar, is ag deireadh an phróisis ar fad agus na profaí ar fad glanta agus ceartaithe agus an t-ábhar réidh le seoladh go dtí Oifig an tSoláthair chun an leabhar a chur i gcló a d'iarrtaí ar an ealaíontóir clúdach a dhearadh. Chuirte litir chaighdeánach amach chuig an ealaíontóir mar aon le cóip den bhunleabhar Béarla agus d'iarrtaí ar an ealaíontóir eachtra nó íomhá éigin a phiocadh amach as an leabhar agus an dearadh a bhunú air sin, rud éigin a chuirfeadh brí, atmaisféar nó cineál an leabhair in iúl. Féach in Aguisín 2, mar shampla, an litir a chuir Seán Mac Lellan chuig Victor Penney nuair a bhí clúdach le dearadh don leabhar *Miorbhailt*, aistriúchán le Niall Mac Suibhne ar *Miracle* le C.B. Kelland sa bhliain 1934 (Comhad A0139).

Cé nach dtugtaí mórán treoracha don ealaíontóir, is é íoróin an scéil é go mbíte an-phointeáilte go deo mar gheall ar cé acu an cló Gaelach nó an cló rómhánach ba cheart a úsáid le haghaidh theideal an leabhair agus ainm an údair nó an aistritheora (féach Aguisín 2 arís). Ní fearr sampla mar léiriú ar díreach chomh pointeáilte is a bhíte faoin gceist áirithe sin ná an clúdach a dhear Victor Penney do *Eachtraí Sherlock Holmes*. Tá a leath den teideal féin faoin gcló Gaelach, is é sin, an focal Gaeilge 'Eachtraí,' agus an leath eile faoin gcló rómhánach (féach lch 113).

I gcás na n-aistriúchán, ní fheiceadh an t-ealaíontóir profa den aistriúchán sula dtugadh sé/sí faoin dearadh don chlúdach. Ba é an t-aon phointe tagartha a bhí acu ón bhfoilsitheoir ná an bunegrán den leabhar. Ní dhéantaí aon iarracht chun an íomha ná stíl na litreoireachta ar an gclúdach a phósadh leis an taobh istigh den leabhar ach ag an leibhéal ba bhunúsáí ar fad, is é sin, cló Gaelach nó cló rómhánach. I gcéad don Ghúm, níor nós le foilsitheoirí eile aon iarracht a dhéanamh chun an

íomhá chlúdaigh a dhearadh ar shlí a bheadh ag teacht leis an taobh istigh den leabhar. Mar a deir Heller agus Chwast:

most jackets were designed without even the slightest regard for the book's typographic structure. Even when the jacket and book designer were one and the same, the image and lettering on the jacket were not in harmony with the composition of the book (1995: 8).

Ar a laghad i gcás an Ghúim d'iartraí ar an ealaíontóir clúdach a dhearadh a thabharfadh brí agus éirim an leabhair le fios. Ní i gcónaí a dhéantaí é sin in áiteanna eile. Mar shampla, dhear Cleonike Damianakes Wilkins, nó 'Cleon' mar a thug sí uirthi féin, clúdaigh go leor do leabhair le húdair mór le rá sna 1920idí agus sna 1930idí, F. Scott Fitzgerald agus Ernest Hemingway ina measc. Cé go bhfuil cáil ar na clúdaigh sin anois mar eiseamláirí de stíl na linne anois, ní thugann siad puinn léargais dúinn ar ábhar na leabhar féin – deir tráchtairí áirithe fúthu go rabhadar 'romantic but emotionless' (Heller agus Chwast 1995: 24) agus bhí an ghráin ag Hemingway orthu é féin. Ach mar a deir Salisbury, thuig eagarthóir Hemingway cé chomh luachmhar is a bheadh clúdach a bhéarfadh ar an tsúil (2017: 62).

Is beag atá ar eolas faoinar cheap na húdair nó na haistritheoirí faoi na clúdaigh, seachas tagairtí fánacha do mhionleasuithe a bheadh le déanamh uaireanta. Sa chás go mbeadh an t-ealaíontóir ar easpa inspioráide fós agus an buneagrán den leabhar aige/aici, tá an chuma ar an scéal nár mhiste leo an dearadh a bhunú ar an gclúdach a bhí ar an mbuneagrán sin a bhí faighte acu ón nGúm. Féach mar shampla an clúdach a dhear George Altendorf le haghaidh *La Belle Nivernaise* (1932) agus an ceann a dhear Austin Molloy le haghaidh *Scán Workmann* (1933). Ní fios cé na heagráin a cuireadh amach chuig na healaíontóirí dar ndóigh, ach faoi mar a fheictear ach cuardach ar líne a dhéanamh ar na teidil sin bhí clúdaigh a bhí an-chosúil le cinn an Ghúim ar eagrán den dá leabhar sin a foilsíodh i bhfad sular fhoilsigh an Gúm na haistriúcháin.

I gcás na mbunsaothar, lorgaítí smaointe nó moltaí ón údar, uaireanta, maidir leis an rud ba mhaith leis/léi a bheith ar an gclúdach. Uaireanta eile, dhéanadh an t-údar moltaí as a stuaim féin. Féach mar shampla an

nóta ó Phiaras Béaslaí agus é ag scríobh chuig an nGúm mar gheall ar *Astronár* (ní mhaireann na moltaí a rinne Béaslaí, ná na sceitsí a rinne Seán O’Sullivan ar an taifead):

Seo dhuit an cur síos ar an bpictiúr ab fhearr (dar liom) do “Astronár” fé mar gheallas duit. Do sgríobhas i mBeurla é ar eagla go mbeadh éin mhí-thuisgint ann.

Beir buadh agus beannacht

Mise Piaras Béaslaí (Comhad N0048).

Sa bhliain 1931, scríobh Seán Mac Lellan chuig Úna Bean Uí Dhíosca, údar *Cailín na Gruaige Duinne*, agus d’iarr sé uirthi moltaí a chur ar aghaidh don chlúdach. Rinne an t-údar dhá mholadh nuair a scríobh sí ar ais. Ach in ionad an dá rogha sin a chur ar aghaidh go dtí an t-ealaíontóir, ba é Seán Mac Lellan a roghnaigh ceann den dá eachtra a bhí molta ag an údar – cailín imithe amú i stoirm sneachta – agus chuir sé an moladh áirithe sin ar aghaidh go dtí an t-ealaíontóir, Austin Molloy. Thug Molloy faoi sceitse agus cuireadh é sin ar aghaidh go dtí an t-údar chun a tuairim a fháil air. Deir sí:

Maidir leis an gclúdach pháipéir, taitnígeann sé liom ... Ach ba cheart do[n] ealantóir i bhfad níos mó sneachtaidh a chur ann le pictiúr bliosairead a chur in iúl. Rud eile ba cheart don cailín a bheith caithte roimpi go mór le neart an ghála a thabhairt le fios (Comhad N0178).

Tá cáil ar chás *An Druma Mór* le Máire, dar ndóigh. Iarradh ar Sheosamh Mac Grianna moltaí a chur ar aghaidh don chlúdach agus chuir sé moltaí mionsonracha ar ais mar aon le sceitsí dá chuid féin den rud a bhí uaidh ar an gclúdach. Iarradh ar Austin Molloy an clúdach a dhearadh agus de réir leabhar íocaíochtaí Choiste na Leabhar íocadh é as an obair sin a dhéanamh (Comhad N0392).

Ba é Austin Molloy amháin a bhí freagrach as na bunsaothair agus is minic is léir ón gcomhfhreagras le Molloy gurbh eisean é féin a roghnaíodh eachtra ón leabhar, seachas a bheith ag brath ar ionchur nó ar mholtaí ón údar nó ón nGúm. Mar shampla, nuair a chuireann Molloy an sceitse le haghaidh chlúdach *Dhá Sgéal* ar ais chuig Seán Mac Lellan, deir sé:

I enclose a Rough Colour Sketch for Cover Design for 'Dhá Sgéal'.

The subject was suggested by the first story 'Seán Óg' – (I have got only the proofs of the first half of the book). Seán Óg saves the day in the hurling match, Cork v. Tipp (Comhad N0125).

Aris agus an t-ealaíontóir céanna ag scríobh chuig Mac Lellan le sceitse le haghaidh *Bruighean Feille*, deir sé:

I enclose rough colour design for 'Bruighean Feille'.

I have used for the design an idea taken from largest section of the book, – that which deals with the Phoenix Park murders. The sketch shows the informer Carey in his cell. He has made a confession under fear of the gallows, which is indicated by a blue shadow in the background (Comhad N0419).

Is dócha go gcaithfidimid glacadh leis go mbíodh an Gúm sásta leis an obair ealaíne agus na dearáí a dhéanadh na healaíontóirí den chuid is mó, mar is annamh a dhéantar cáineadh ar bith orthu. B'fhéidir gur comhartha é sin go raibh rogha stuama déanta ag an nGúm agus ag George Atkinson nuair a roghnaíodh na healaíontóirí don phainéal, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh a laghad treoracha a thugtaí dóibh.

Ní hé sin le rá nach gcáintí an obair ó am go chéile – dhéantaí é sin, fiú ábhar Austin Molloy féin. Is é an trua é nach maireann ach an corrshampla fánach ar na comhaid de na bunsceitsí a rinne na healaíontóirí, mar is léir go gcuirtí na sceitsí sin ar ais go dtí na healaíontóirí chun na líníochtaí deiridh a bhunú orthu. Féach an tráchttaireacht seo thíos mar gheall ar an sceitse a chuir Molloy isteach le haghaidh chlúdach *Toil Dé* le hÉamonn Mac Giolla Iasachta:

Herewith rough colour sketch for wrapper design. I do not think we should adopt it. From a design point of view, the cubist cliffs do not harmonise with the semi naturalistic wave and, in any event, since the cliffs in the story are the Cliffs of Moher, it might be well if the artist suggested them and kept fairly close to their actual formation. Even in silhouette they

would be recognisable. Otherwise the scheme seems effective and striking (Comhad N0298).

Níl Mac Lellan díreach ar aon fhocal leis an bPríomh-Oifigeach; féach an nóta uaidhsean ar an leathán miontuairisce céanna:

I would be inclined to recommend the design for acceptance if the cliffs were more suggestive of the actual Cliffs of Moher.

I think the wave is effectively done.

Please refer to artist accordingly (Comhad N0298).

Agus nuair a chuirtear litir oifigiúil amach chuig Molloy an lá dár gcionn arís, deir sé an méid seo a leanas:

I am to return herewith the rough colour sketch for the wrapper of TOIL DÉ. The design in general is satisfactory but we think it would be preferable if the cliffs were more suggestive of the actual Cliffs of Moher and if the figure on the top of the cliffs were omitted (Comhad N0298).

Tá sé le brath uaireanta go mbítí in amhras faoi conas dul ag plé leis na healaíontóirí sa chás nach rabhthas iomlán sásta le sceitse nó le dearadh. Ní haon iontas é sin, dar ndóigh, agus a laghad treoracha a thugtaí don ealaíontóir ar an gcéad dul síos. Sárshampla den amhras nó den easpa muiníne sin, b'fhéidir, i measc fhoireann an Ghúim agus iad ag plé le healaíontóir ná cás *Rós Fiadhain Loch Gile*. Nuair a chuir George Altendorf sceitse isteach le haghaidh an chlúdaigh is léir nach rabhthas sásta leis an sceitse ó thaobh na cumadóireachta de. Cuireadh an pictiúr chuig Seán Mac Lellan ar dtús agus breacadh nótaí isteach ar an leathán miontuairisce de réir mar a rinne an comhad camchuart na hoifige. Bhraith Mac Lellan agus na heagarthóirí go raibh rud éigin as alt leis an sceitse agus nach bhféadfaí glacadh leis. Ach ní raibh aon duine cinnte cad ba cheart a rá leis an ealaíontóir agus, seachas moltaí ón bhfoireann sa Ghúm a chur ar aghaidh, braitheadh go gcaithfí dul chuig duine a mbeadh údarás áirithe ag baint lena t(h)uairim, chomh fada is a bhainfeadh sé le cúrsaí ealaíne. Ar deireadh, iarradh ar George Atkinson tuairisc a scríobh agus is léir ón méid a scríobh sé gur thuig sé nach raibh sa sceitse ach sceitse garbh seachas léaráid chríochnaithe. Rinne Atkinson roinnt moltaí ar ar

bhunaigh Seán Mac Lellan an litir a chuir sé ar ais chuig George Altendorf. Níor chuir sé in iúl dó gur lorgaíodh tuairim Atkinson i dtaobh an scitise, áfach (féach Aguisín 3).

Ní fiú, ná níl i gceist san alt seo, anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair ealaíne ar na clúdaigh, ach is fiú féachaint ar roinnt samplaí agus díriú ar ghnéithe eágsúla den dearadh, den cheapadóireacht agus den litreoireacht. Ach rogha de na clúdaigh a chur i gcomparáid le clúdaigh mhaisithe ó Shasana, ó Mheiriceá agus ó áiteanna eile níl aon amhras ach go raibh na clúdaigh a bhí ar leabhair an Ghúim gach aon phioc chomh nuálaíoch is a bhí na cinn eachtranacha. Go deimhin is minic gurb é an teideal Gaeilge nó an litreoireacht Ghaelach aon t-aon mhéar ar eolas a thabharfadh le fios gur foilseacháin Ghaeilge iad.

Cé go raibh Seán O'Sullivan fós an-óg nuair a thosaigh sé ag dearadh clúdach don Ghúm (in 1906 a rugadh é), bhí gealadh faoi mar ealaíontóir fiú an tráth sin. As na healaíontóirí ar fad a sholáthair clúdaigh don Ghúm ar shlí ar bith leanúnach sa tréimhse sin, ba eisean an t-aon duine a bhain cáil mhór idirnáisiúnta amach dó féin mar ealaíontóir. B'fhéidir gurbh ait linn inniu ealaíontóirí mar é a bheith ag dearadh clúdach do leabhair ach, mar a deir Alan Powers, bhí foilsitheoirí ábalta plúr na n-ealaíontóirí a fhostú chun clúdaigh a dhearadh ar airgead réasúnta beag sna 1920idí agus sna 1930idí (Powers 2001). Gach duine den chúigear a bhí ar an bpainéal, agus Seán O'Sullivan a chuaigh rompu, bhí a stíl shuaithinseach féin aige/aici atá furasta a aithint ach roinnt samplaí dá gcuid oibre a fheiceáil.

Is beag atá ar eolas faoi Victor Penney, Olive Cunningham agus M.A. Keane. Baile Átha Cliathach de bhunadh Gearmánach ba ea George Altendorf; rugadh é sa bhliain 1904. Ceapadh ina eagarthóir cunta ealaíne san *Irish Press* é nuair a cuireadh an nuachtán sin ar bun in 1929. Bhí sé an-bhisiúil mar ealaíontóir tráchtála agus, chomh maith leis na clúdaigh a dhear sé don Ghúm, mhaisigh sé an-chuid leabhar eile agus is iomaí clúdach a dhear sé do Chomhlucht na Fírinne Catoilice i n-Éirinn. Cailleadh é in 1966 (Snoddy 1996; Mac Cárthaigh 2013).

Stíl léiritheach fhoirmeálta a chleacht M.A. Keane agus George Altendorf beirt. Ó thaobh na cumadóireachta de, bíonn na clúdaigh a dhear siad

slachtmhar agus bríomhar, cé nach bhfuil an bhrí ná an fuinneamh céanna le brath ar shaothar Keane is a bhíonn ar obair Altendorf. Níor nós le Keane úsáid a bhaint as dathanna láidre faoi mar a dhéanadh na healaíontóirí eile, rud a fhágann go mb'fhéidir nach bhfuil na clúdaigh a dhear seisean chomh láidir céanna. Léaráid de radharc as an leabhar a bhíonn sna clúdaigh leo beirt go minic agus í ar chúlra bán. Is mó a bhí Altendorf sásta dul i muinín na teibíochta ná Keane; féach mar shampla an clúdach a dhear sé do *Cineadh an Cheo* agus *An Seachtar Codlátán* (lch 110). Is gnách an obair a bheith sínithe acu, ach is furasta na samplaí nach bhfuil sínithe a aithint ar stíl na healaíne agus na litreoireachta.

As na healaíontóirí ar fad is iad Olive Cunningham agus Victor Penney ba mhó a chleacht stíl nua-aimseartha theibí. Uaireanta is clúdaigh chaighdeánacha ar stíl fhoirmeálta léiritheach a sholáthraíonn siad ach uaireanta eile cleachtann siad stíl theibí a bhfuil macallaí de stíl avant-garde na Mór-Roinne le brath orthu, meascán de chruthanna geoiméadracha, siombailí agus figiúirí scáthchruthacha agus bloic de dathanna láidre. Tá rian láidir den art deco agus den art nouveau ar obair Cunningham, go háirithe ar na fíoracha a bhíonn aici, iad ard, caol agus fadaíthe (féach na samplaí ar lch 114-16). Arís, ba nós leis an mbeirt acu a gcuid oibre a shíniú ach is furasta na cinn nach bhfuil sínithe a aithint ar stíl na healaíne agus na litreoireachta.

Nuair a chuimhnímid ar chlúdaigh inniu, ní an íomhá ar an gclúdach tosaigh amháin a shamhláimid, ach droim agus cúl an leabhair chomh maith. Ní haon rud nua é sin nó ba mhinic a chuimsítí droim agus cúl an leabhair sa dearadh sna 1920idí agus sna 1930idí chomh maith. Mar sin féin, níl ach trí shampla as clúdaigh uile an Ghúim ón tréimhse sin ina bhfuil dearadh ar bith ar an droim: *Comhlucht na Maide Mianach* agus *An Uaigh sa Coillidh*, ar dhear Olive Cunningham na clúdaigh dóibh, agus *Le Linn ár nÓige*, leabhar ar dhear George Altdendorf an clúdach dó. Níl obair ealaíne ná dearadh ar bith ar an gclúdach cúil ar aon cheann díobh. Is é *Comhlucht na Maide Mianach* an sampla is fearr acu gan aon amhras. Tugann sé atmaisféar noir na scéalta agus na scannán bleachtairachta a bhí chomh mór sin i dtreis chun cuimhne. Aistriúchán atá ann ar The Pit-Prop Syndicate le Freeman Wills Crofts, is é íoróin an scéil é clúdach chomh suaithinseach sin a bheith ar leabhar atá chomh leamh, is é a deir

Titley faoi Crofts go raibh sé ar cheann ‘de na scríbhneoirí ba thuirsiúla dar leag bíoma ar phár riamh’ (1991: 120).

D’fhreastail Altendorf, Cunningham, Keane agus Penney, lán an cheathrair acu, ar Scoil Ealaíne Chathair Bhaile Átha Cliath le linn do Austin Molloy a bheith ag múineadh ann. Ealaíontóir cumasach tráchtála ba ea é Austin Molloy; bhí baint aige le fada leis an Scoil Ealaíne mar mhac léinn agus mar mhúinteoir. Is ann a chuir sé aithne ar a chara mór Harry Clarke. Dar le Theo Snoddy go raibh sé ar an duine ba mhó de chuid lucht leanúna Clarke ar an Scoil Ealaíne agus is léir go raibh tionchar ag an mbeirt acu ar stíleanna a chéile (Snoddy 1996; Gordon Bowe agus Cumming 1998). Ba é Harry Clarke a mhúineadh an cúrsa ar an léaráidíocht i Scoil Ealaíne Bhaile Átha Cliath idir 1921 agus 1923, agus nuair a d’éirigh Clarke as an gcúram sin ba é Molloy a ghlac an cúrsa ar láimh. Bhí míreanna ar an gcúrsa a bhain leis an ealaín tráchtála, cúrsaí litreoireachta agus dearadh póstaer, obair a sheas go mór le Molloy agus é ag dearadh clúdach do leabhair an Ghúim, mar a fheicimid thíos. Thug cigirí ón bhFrainc cuairt mheastóireachta ar an scoil sa bhliain 1927 agus thugadar moladh ar leith do Molloy:

It is strange to find in this instance an intelligent active professor possessing a perfect technique, teaching it to pupils who do not want it ... The results obtained by Mr Molloy in an indifferently equipped workroom, are, in spite of everything, excellent ... Here indeed is a genuine professor, full of energy who might be trusted with a great deal but whose activity and ability are badly utilised (Snoddy 1996: 429).

Bhí ardmheas ar Austin Molloy i measc ealaíontóirí eile in Éirinn. Ach mar a deir Alan Powers: ‘it was a difficult to sell pictures in this period, and as a result many talented artists turned to “commercial art” (2001: 18). Is cosúil gurbh in é a bhí i ndán do Molloy, nó bhí sé ag obair mar státseirbhíseach ó 1911 ar a laghad. Taobh amuigh den obair a rinne sé don Ghúm ó 1927 níl mórán ar eolas faoi Molloy ó lár na bhfichidí ar aghaidh. Bhí sé fós ag obair mar státseirbhíseach i gCoimisiún na Talún amach sna 1930idí. Cailleadh é ar 16 Aibreán 1961.

Na healaíontóirí a ceapadh ar an bpainéal, ba dhream iad arbh éigean dóibh a bheith ábalta stíleanna éagsúla a tharraingt chucu féin de réir mar a theastaigh. Ealaíontóir ba ea Molloy a raibh scil faoi leith aige sa ghloine dhaite, bhí duaiseanna buaite aige dá chuid saothar agus is minic a chabhraigh sé lena chara Harry Clarke agus é ag obair ar thionscadail mhóra. Ach féachaint ar chuid de na clúdaigh a dhear sé don Ghúm is léir go raibh Molloy ag tarraingt ar an gcúlra sin sa ghloine dhaite. An-samplaí is ea iad na clúdaigh ar *Críost Rí*, *Tristan agus Iseut*, agus *Cáith agus Grán* – tá tionchar na gloine daite le feiceáil go soiléir sa tsiméadracht a bhaineann leis an gceapadóireacht, in aghaidheanna na bhfigiúirí, sna duala agus san ornáidíocht in éadaí na bhfigiúirí agus in úsáid na ndathanna chomh maith (féach lch 99-100). Tá a fhios againn go raibh moladh ar leith faighte ag Molloy as na póstaerí thráchtála a bhí deartha aige (Snoddy 1996: 429) agus tá rian na bpóstaer sin le brath go láidir ar an-chuid de na clúdaigh a dhear sé.

Ealaíontóir eile a raibh ábhar leis in úsáid ar phóstaerí thaistil le haghaidh London Midland and Scottish Railways ón mbliain 1925 ar aghaidh ba ea Paul Henry. Tá go leor i bpáirt ag na póstaerí le clúdaigh leabhair agus tá macallaí soiléire den obair a rinne Paul Henry in Oileán Acla le feiceáil i roinnt clúdach a dhear Molloy. An sampla is fearr, gan amhras, ná an clúdach a dhear Molloy do *Timcheall Chinn Sléibhe* agus *Potato Harvest* le Henry, an feirmeoir chun tosaigh agus a chúl linn ag baint prátaí le láí ag Henry ach le rámhainn ag Molloy agus an bhean ag teacht faoina dhéin agus í cromtha faoi ualach an chléibh. B'fhurasta dul ar thóir macallaí eile d'obair Henry i gclúdaigh eile a dhear Molloy agus iad a aimsiú, leis – féach mar shampla na tírdhreacha sin ar *Saile Caomhánach*, *Bun an Dá Abhann* agus *Muinntir Chois Locha*, na tithe aoidaite ceann tuí neadaithe sa tírdhreach, scáth na sléibhe nó na sléibhte féin sa chúlra agus na scamail mhóra chlúmhacha os a gcionn. Os a choinne sin, is móitífeanna iad sin atá an-choitianta ar phóstaerí thaistil, agus tá siad le feiceáil ag ealaíontóirí eile a bhí ag dearadh clúdach leabhar chomh maith. Féach mar shampla an clúdach a dhear an dearthóir Sasanach Aubrey Hammond do *Word of the Earth* (lch 102). Dála Molloy, b'ealaíontóir tráchtála é Hammond a dhear póstaerí agus clúdaigh leabhar agus, chomh maith leis sin, a bhí ag múineadh cúrsaí ar an léaráidíocht agus dearadh in Westminster School of Art (Salisbury 2017: 101).

Maireann roinnt samplaí den bhunobair ealaíne a rinne Molloy ar chuid de na comhaid riaracháin sa Chartlann Náisiúnta: ar an gcomhad le haghaidh *Críost Rí*, mar shampla, leabhar a foilsíodh sa bhliain 1931; agus an clúdach caighdeánach a úsáideadh ar *Fear Siubhail* agus na leabhair eile sin. Is fuinneog luachmhar iad na samplaí sin ar nósanna oibre na n-ealaíontóirí tráchtála ag an am. Tá na treoirlínte a rianaigh Molloy do litreacha an teidil le feiceáil go soiléir agus is léir an aird atá tugtha aige ar chothromaíocht na ceapadóireachta tríd síos.

Ba dhlúthchuid de na cúrsaí a mhúineadh Molloy iad an litreoireacht agus an chlógghrafaíocht agus tá a fhios againn go raibh moladh ar leith faighte ag taispeántais de chuid na Scoile Ealaíne as na póstaeir agus cártaí agus dearáí eile tráchtála a bhí déanta aige (Gordon Bowe 1998). Mar a deir Heller agus Chwast, ‘The exemplary designers were those who consistently created strong, though economically rendered images that seamlessly integrated their lettering’ (1995: 15). Bhí Molloy an-tugtha don litreoireacht art deco agus bhain sé úsáid as an litreoireacht chéanna arís is arís eile ar na clúdaigh a dhear sé (féach na samplaí ar lch 94). Bhí an stíl sin litreoireachta go mór i réim sna blianta sin – féach mar shampla go raibh an litreoireacht cheannann chéanna ar an gcéad eagrán Meiriceánach de *Revolt in the Desert* le T.E. Lawrence a d’fhoilsigh George H. Doran & Co. i Nua-Eabhrac in 1927 agus arís eile ag Aubrey Hammond ar phóstaeir fógraíochta a dhear seisean don dráma *Evie de Ropp* in 1922 (féach lch 94). Baineann Molloy casadh as an litreoireacht chéanna agus éiríonn leis í a phósadh leis an gcló Gaelach ar chlúdach *Timcheall Chinn Sléibhe*. Dearbhú ar a scil mar ealaíontóir agus mar dhearthóir é chomh glan inléite is atá litreacha an teidil agus é ag freastal ar dhá thrá an ghaelachais agus an nua-aoiseachais, agus chomh maith is a luíonn an teideal isteach leis an gcuid eile den íomhá.

In ainneoin go raibh béim chomh láidir sin ar an gclógghrafaíocht agus in ainneoin stíleanna litreoireachta dá gcuid féin ag na healaíontóirí uile, is spéisíúil nach bhfeicimid sampla ar bith i measc chlúdaigh an Ghúim den chlúdach clógghrafaíoch, is é sin, clúdach nach mbeadh léaráid ar bith air ach go mbeadh an dearadh ar fad bunaithe ar an litreoireacht don teideal agus d’ainm an údair. Bhí clúdaigh mar sin an-choitianta agus bhí cáil ar leith ar ealaíontóirí ar leith as na clúdaigh chlógghrafaíochta a dhear siad.

Gné an-suaithinseach d'ealaín na linne sin ná na bloic throma de dhathanna láidre. Ba é an próiseas clódóireachta féin faoi deara sin, dar ndóigh. Chun pictiúir dhaite a chló ba é an cur chuige clódóireachta ab éifeachtaí ag an am ná rogha theoranta de dhathanna a úsáid. B'éigean don ealaíontóir na dathanna sin a scaradh ina mbloic nó ina bplátaí éagsúla, próiseas ar a dtugtar dathdhealú. De ghnáth nuair a thugtaí cuireadh d'ealaíontóir clúdach a dhearadh, shonraíí cé mhéad dathanna a d'fhéadfaí a úsáid. Mar shampla, nuair a iarradh ar Victor Penney clúdach a dhearadh do *Miorbhailt* in 1934, dúradh leis, 'Please submit a rough colour sketch at your earliest convenience, in flat three-colour treatment' (Comhad A0139). Dá bharr sin, b'éigean do na healaíontóirí ar fad a bheith ábalta obair le rogha theoranta dathanna. Seachas a bheith ina bhac ar na healaíontóirí, is amhlaidh a bhíodar ábalta na bloic de dhathanna láidre, na cruthanna geoiméadracha agus na scáthchruthanna mar aon leis an litreoireacht throm a úsáid chun a leasa agus léaráidí láidre físiúla a dhearadh a tharraingíonn aird an bhreathnóra.

